FOIRM IARRATAIS DO NAÍONÁIN BHEAGA GSER 2024-25
APPLICATION FORM FOR 2024-25 JUNIOR INFANTS GSER

Glacfaidh an scoil le hiarratais don scoilbhliain 2024-25 idir an **2 agus an 31 Deireadh Fómhair 2023** ar rphost go

*The school will accept applications for the school year 2024-2025 from **2nd to 31st October 2023** by email to*

claru@gser.ie

Ainm & Sloinne an Pháiste: *Child's full name* _____

DÁTA BREITHE: *Date of Birth* _____ /_____ /_____

(Cruthúnas dáta breithe ag teastáil i bhfoirm cóip den teastas breithe

Proof of date of birth required in the form of a copy of the child's birth certificate)

AINM TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA: *Parent/Guardian full name* _____

SEOLADH: *Address*

_____

(Cruthúnas ar sheoladh baile ag teastáil i bhfoirm bille le d'ainm & seoladh air ón 3 mhí deireanach

***Proof of address required in the form of a bill with your name and address from within the last 3 months**)*

RPHOST: *Email* _____

UIMHIR GUTHÁIN: *Phone Number* _____

An bhfuil siblíní, leath-shiblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe le dalta reatha na scoile ag an bpáiste? má tá, cad is ainm dóibh agus cén rang ina bhfuil siad?

Has the child any siblings, half-siblings, foster siblings or adopted siblings currently attending the school? If so, please give their names and state which class they are in at present.

_____

An bhfuil do pháiste á thógáil le Gaeilge? * Tá/Níl

*Is your child being raised through Irish? * Yes / No – please circle the relevant answer.*

*** Ba cheart an critéar seo a léamh i dteannta leis an Acht Oideachais (An tAcht um Ligean Isteach i Scoileanna 2018). Beidh sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a sholáthar chun an leibhéal líofachta riachtanach sa Ghaeilge a thaispeáint don bhord. Féach tuilleadh faisnéise sa doiciméad ábhartha atá thíos.***

This criterion should be read in conjunction with the Education Act (Admission to schools Act) 2018. The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the required level of fluency in Irish. See further information below.

An fhianaise atá á lorg
An bhfuil an dalta:

- In ann a s(h)amhlaíocht féin a úsáid chun scéalta simplí a insint i nGaeilge?
- In ann éisteacht le scéal gairid atá oiriúnach dá (h)aois agus ceisteanna a fhreagairt faoi?
- In ann súgradh lena p(h)iaraí/tuismitheoir trí mheán na Gaeilge?
- In ann caint faoi na rudaí lasmuigh den naíonra/scoil is spéis leis/léi (spórt, damhsa, clann, caithimh aimsire, cluichí ríomhaire srl.)?
- In ann caint faoi imeachtaí an lae/na seachtaine agus idirdhealú a dhéanamh idir na haimsirí (Cad a rinneamar, cad a dhéanaimid)?
- In ann comhréir cheart na Gaeilge a léiriú (an féidir liom fáil mo chóta, sin mise's, srl)?

Fianaise a sholáthar
Tá an fhreagracht ar an tuismitheoir **(ní ar an scoil)** fianaise leordhóthanach a sholáthar don scoil má éilítear ar fhoirm iontrála:

- gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus
- gur dócha go rachadh líofacht an dalta sa Ghaeilge ar chúl mura ligfí isteach é/í i scoil lán-Ghaeilge

Caithfidh aon duine a bhaineann leas as an gcritéar seo fianaise a sholáthar ar a líofacht. Níl eisceacht air seo. Ní cheadmhach faoin Acht ach an fhianaise atá curtha faoi bhráid an Bhoird a chur san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh ar áiteanna scoile a ofráil.

Cén sórt fianaise?
Seo roinnt moltaí ar an gcineál fianaise a d'fhéadfadh an tuismitheoir a sholáthar don scoil:

- **Físeán:** Má tá páiste á thógáil trí Ghaeilge chuile seans go mbeidh sraith físeán tógtha ag an gclann d'ócáidí teaghlaigh thar na blianta d'fhéadfadh iad a ghreamú le chéile rud a léireodh go soiléir go bhfuil Gaeilge ag an bpáiste. I measc na bhféidearthachtaí eile tá físeán den pháiste agus é/í ag úsáid Gaeilge go nádúrtha i suíomh an bhaile nó físeán den pháiste ag úsáid Gaeilge le teaghlaigh eile nó piaraí i suíomh lasmuigh den bhaile mar shampla imeacht, Ghlór na Gael, Sheachtain na Gaeilge srl. Cibé físeán a sholáthraítear ba chóir go mbeadh éagsúlacht comhthéacsanna ann .Moltar físeán idir 10-15 nóiméad.
- An dara rogha na seisiún ZOOM, Google Meet, Webex nó a leithéid a eagrú leis an scoil ionas go mbeadh an Tuismitheoir, Ionadaí ón scoil agus an Paiste in ann comhrá le chéile chun an líofacht a mheas.

——Ní fianaise í litir ó naíonra, eagraíocht Ghaeilge srl. ar líofacht sa teanga. ——

Níl na moltaí seo uileghabhálach agus ní gá go mbeadh an fhianaise a sholáthraítear teoranta do cheann amháin de na moltaí thuas. Dá mhéid fianaise a sholáthraíonn an tuismitheoir, is éasca don bhord cinneadh a dhéanamh agus an cinneadh sin a chosaint i gcás achomhairc.
Má tá Riachtanais Speisialta ag an bpáiste, cuirfear ábaltacht an pháiste san áireamh sa chás sin.

Agus iarratais á meas ag an mBord Bainistíochta, ní ceadmhach ach an fhianaise atá curtha ag an tuismitheoir faoina bhráid a chur san áireamh. Ní féidir le tuairimíocht, aithne ar an teaghlach srl. a bheith mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.